



ÚBE/GL/2022/15

22/11/2022

Treoirlínte

Maidir le húsáid Cianréiteach Ionduchtaithe
Cliant faoi Airteagal 13(1) de Threoir (AE)
2015/849



1. Oibleagáidí comhlíonta agus tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na dtreoirlínte seo a chomhlíonadh.
2. Leagtar amach sna dtreoirlínte tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur chun feidhme i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar atá sainithe in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na dtreoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na dtreoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na dtreoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 30.05.2023. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'ÚBE/GL/2022/15' a úsáid. Ba cheart gur daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údarás inniúil a chuireann fógraí isteach. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena naisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).



2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar agus raon feidhme

5. Leagtar amach sna treoirlínte seo na céimeanna a ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a ghlacadh agus réitigh á nglacadh nó á n-athbhreithniú acu chun a n-oibleagáidí faoi Airteagal 13(1) a chomhlíonadh faoi phointí (a), (b) agus (c) de Threoir (AE) 2015/849² chun cliaint nua a ionduchtú go cianda. Leagtar amach ann freisin na céimeanna a ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a ghlacadh agus iad ag brath ar thríú páirtithe i gcomhréir le Caibidil I, Roinn 4 de Threoir (AE) 2015/849, agus na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta a ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur chun feidhme i ndáil le dícheall cuí cliant (CDD) dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus (4) pointe (a) de Threoir (AE) 2015/849 i gcás ina ndéantar na bearta CDD go cianda.
6. Ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar na treoirlínte seo agus measúnú á dhéanamh acu an leor agus éifeachtach na bearta a ghlacann institiúidí creidmheasa agus airgeadais chun a n-oibleagáidí faoi Threoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh i gcomhthéacs cliant a ionduchtú go cianda.

Seolaithe

7. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar atá sainithe i Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010. Dírithe na treoirlínte seo freisin ar oibreoirí earnála airgeadais mar atá sainithe in Airteagal 4(1a) den Rialachán sin, ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais iad mar atá sainithe in Airteagal 3(1) agus 3(2) de Threoir (AE) 2015/849.

² Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais a chosc chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoirí.



Sainmhínithe

8. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2015/849. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Sonraí bithmhéadrachta

Sonraí pearsanta a bhaineann le tréithe fisiceacha, fiseolaíocha nó iompraíochta duine nádúrtha, a cheadaíonn nó a dheimhníonn sainaitheint uathúil an duine nádúrtha sin, amhail íomhánna aghaidhe nó sonraí dachtalascópacha, a fhaightear agus a phróiseáiltear trí úsáid a bhaint as modhanna teicniúla.

3. Cur chun feidhme

An dáta feidhmithe

Tá feidhm ag na Treoirlínte seo ó 02.10.2023.



4. Treoirlínte maidir le húsáid Cianréiteach Ionduchtaithe Cliant faoi Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2015/849

4.1 Beartais agus nósanna imeachta inmheánacha

4.1.1 Beartais agus nósanna imeachta maidir le cliant a ionduchtú go cianda

9. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais beartais agus nósanna imeachta a chur chun feidhme agus a choinneáil chun a n-oibleagáidí faoi Airteagal 13(1)(a) agus (c) de Threoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh i gcásanna ina ndéantar an cliant a ionduchtú go cianda. Ba cheart go mbeadh na beartais agus na nósanna imeachta sin íogair ó thaobh riosca de agus go leagfaí amach iontu na nithe seo a leanas ar a laghad:
- a) cur síos ginearálta ar an réiteach atá curtha chun feidhme ag institiúidí creidmheasa agus airgeadais chun faisnéis a bhailiú, a fhíorú agus a thaifeadadh le linn an chianphróisis ionduchtaithe cliant. Ba chóir go mbeadh míniú ar ghnéithe agus ar fheidhmiú an réitigh san áireamh anseo;
 - b) na cásanna inar féidir an cianréiteach ionduchtaithe cliant a úsáid, ag cur san áireamh na fachtóirí riosca arna sainathint agus arna measúnú i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir (AE) 2015/849 agus sa mheasúnú riosca uile-ghnó, lena n-áirítear tuairisc de chatagóir na gcliant, na dtáirgí agus na seirbhísí atá incháilithe le haghaidh ionduchtú cianda;
 - c) na céimeanna atá lán-uathrialaithe agus na céimeanna a dteastaíonn idirghabháil dhaonna uathu;
 - d) na rialuithe atá i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuirfear an chéad idirbheart le cliant nua-ionduchtaithe i gcrích ach amháin nuair a bheidh na bearta díchill chuí uile tosaigh cliant (CDD) curtha chun feidhme;
 - e) cur síos ar na cláir ionduchtaithe agus oiliúna rialta chun feasacht na foirne agus eolas cothrom le dáta a chinntiú ar fheidhmiú an chianréitigh ionduchtaithe cliant, ar na rioscaí a ghabhann leis, agus ar na cianbheartais agus na cian-nósanna imeachta ionduchtaithe cliant a bhfuil sé mar aidhm leo rioscaí den sórt sin a mhaolú.



10. Ba cheart go gcuirfeadh na beartais agus na nósanna imeachta, nuair a chuirtear chun feidhme iad, ar chumas na n-institiúidí creidmheasa agus airgeadais comhlíonadh na bhforálacha i Roinn 4.2 go 4.7 de na Treoirlínte seo a chinntiú.

4.1.2 Rialachas

11. I dteannta na bhforálacha atá leagtha amach i Roinn 4.2.4 de Threoirlínte ÚBE d'Oifigeach Comhlíonta³, ba cheart don Oifigeach Comhlíonta AML/CFT⁴, mar chuid dá ndualgas ginearálta beartais agus nósanna imeachta a ullmhú chun ceanglais CDD a chomhlíonadh, a chinntiú go gcuirtear cianbheartais agus cian-nósanna imeachta ionduchtaithe cliant chun feidhme go héifeachtach, go n-athbhreithnítear iad go rialta agus go leasaítear iad nuair is gá.
12. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta na hinstiúide creidmheasa agus airgeadais cianbheartais agus cian-nósanna imeachta ionduchtaithe cliant a fhorghabháil agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

4.1.3 Measúnú réamhfheidhmiúcháin ar an gcianréiteach ionduchtaithe cliant

13. Agus iad ag breithniú cibé acu an nglacfar le cianréiteach nua ionduchtaithe cliant, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais measúnú réamhfhorfheidhmithe a dhéanamh ar an gcianréiteach ionduchtaithe cliant.
14. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais raon feidhme, céimeanna agus ceanglais maidir le coimeád taifead an mheasúnaithe réamh-chur chun feidhme a leagan amach ina mbeartais agus ina nósanna imeachta, lena n-áireofaí ar a laghad:
- measúnú ar leordhóthanacht an réitigh maidir le hiomláine agus cruinneas na sonraí agus na ndoiciméad atá le bailiú, chomh maith le hiontaofacht agus neamhspleáchas na bhfoinsí faisnéise a úsáideann sé;
 - measúnú ar an tionchar a bheidh ag úsáid an chianréitigh ionduchtaithe cliant ar a rioscaí uile-ghnó, lena n-áirítear ML/TF, rioscaí oibríochtúla, clú agus dlíthiúla;
 - bearta maolaithe féideartha agus gníomhaíochtaí feabhais a shainaitheint do gach riosca a shainaitheintear sa mheasúnú faoi litir b);
 - tástálacha chun rioscaí calaoise a mheasúnú, lena n-áirítear rioscaí calaoise pearsanaithe agus rioscaí eile teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ("TFC") agus slándála, i gcomhréir le foráil 43 de Threoirlínte ÚBE maidir le TFC agus bainistíocht riosca slándála;⁵

³ Dréacht-Treoirlínte ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil le bainistiú comhlíonta agus ról agus freagrachtaí an Oifigigh um Chomhlíonadh AML/CFT faoi Airteagal 8 agus Caibidil VI de Threoir (AE) 2015/849.

⁴ De réir na gcritéar Comhréireachta atá leagtha amach i Roinn 4.2.2 de Threoirlínte na nOifigeach Comhlíonta

⁵ ÚBE/GL/2019/04



- e) tástáil ceann go ceann ar fheidhmiú an réitigh ina ndírítear ar an gcliant/na cliaint, ar an táirge/na táirgí agus ar an tseirbhís/na seirbhísí a shaináithnítear sna cianbheartais agus cian-nósanna imeachta ionduchtaithe cliant.
15. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais na critéir i mír 14 (a) (d) agus (e) atá le comhlíonadh i gcás ina n-úsáideann an réiteach ceann díobh seo a leanas:
- a) scéimeanna ríomh-shainaitheantais a fhógraítear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus a chomhlíonann ceanglais na leibhéal dearbhaithe ‘substaintiúil’ nó ‘ard’ i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán sin;
- b) seirbhísí iontaoibhe cáilithe ábhartha a chomhlíonann ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, go háirithe Caibidil III, Roinn 3 agus Airteagal 24(1), fómhír 2, pointe (b) den Rialachán sin.
16. Ba cheart go mbeadh institiúidí creidmheasa agus airgeadais in ann a thaispeáint dá n-údarás inniúil cé na measúnuithe a rinne siad sular cuireadh an cianréiteach ionduchtaithe cliant chun feidhme, toradh a measúnaithe agus conas is cuí é a úsáid i bhfianaise na rioscaí ML/TF a saináithníodh do na cineálacha sin cliant, seirbhíse, tíreolaíochtaí agus táirgí ina raon feidhme.
17. Níor cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais tosú ar chianréiteach ionduchtaithe cliant a úsáid ach amháin nuair atá siad sásta gur féidir é a chomhtháthú i gcóras ginearálta rialaithe inmheánaigh na hinstitiúide, rud a fhágann gur féidir leis an institiúid na rioscaí ML/TF a d’fhéadfadh teacht as úsáid an chianchórais ionduchtaithe cliant a bhainistiú go leordhóthanach.

4.1.4 Monatóireacht leanúnach ar an gcianréiteach ionduchtaithe cliant

18. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais monatóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an gcianréiteach ionduchtaithe cliant chun a chinntiú go n-oibríonn sé i gcomhréir le hionchais na n-institiúidí creidmheasa agus airgeadais. Ba cheart dóibh a mbeartais agus a nósanna imeachta a bhfuil tuairisc orthu i mír 9 a chomhlánú le cur síos ar na nithe seo a leanas ar a laghad:
- a) na bearta a dhéanfaidh siad chun cáilíocht, iomláine, cruinneas agus leordhóthanacht leanúnach na sonraí a bhailítear le linn an chianphróisis ionduchtaithe cliant a shásamh, ar cheart dóibh a bheith i gcomhréir leis na rioscaí ML/TF a bhfuil an institiúid creidmheasa agus airgeadais neamhchosanta orthu;
- b) raon feidhme agus minicíocht athbhreithnithe rialta den sórt sin; agus
- c) na tosca a spreagfaidh athbhreithnithe ad hoc, lena n-áirítear ar a laghad:



- a. athruithe ar neamhchosaint na hinstitiúide creidmheasa agus airgeadais ar rioscaí ML/TF;
 - b. easnaimh ar fheidhmiú an réitigh a bhraitear le linn gníomhaíochtaí monatóireachta, iniúchta nó maoirseachta;
 - c. méadú braite ar iarrachtaí calaoise;
 - d. athruithe ar an gcreat dlíthiúil nó rialála.
19. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais bearta leasúcháin a leagan amach ina nósanna imeachta agus ina bpróisis i gcás inar tháinig riosca chun cinn, nó i gcás inar sainaitníodh earráidí a bhfuil tionchar acu ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chianréitigh ghinearálta ionduchtaithe cliant. Ba cheart go gcuimseodh na bearta seo an méid seo a leanas, ar a laghad:
- a) athbhreithniú ar gach caidreamh gnó lena mbaineann, chun measúnú a dhéanamh ar cibé ar chuir na hinstitiúidí creidmheasa agus airgeadais CDD tosaigh leordhóthanach chun feidhme chun Airteagal 13(1), (a), (b) agus (c) den AMLD a chomhlíonadh. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais tosaíocht a thabhairt do na caidrimh ghnó sin a bhfuil an riosca ML/TF is airde ag baint leo;
 - b) ag cur san áireamh an fhaisnéis a fuarthas san athbhreithniú thuasluaite, measúnú ar cibé ar cheart do chaidreamh gnó lena mbaineann a bheith:
 - a. faoi réir beart breise díchill chuí;
 - b. faoi réir teorainneacha, amhail teorainneacha ar mhéid an idirbhirt, i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta, go dtí go mbeidh athbhreithniú déanta;
 - c. foirceannta;
 - d. tuairiscithe don FIU;
 - e. athaicmithe i gcatagóir riosca eile.
20. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais machnamh a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht agus iontaofacht leanúnach na gcianréiteach ionduchtaithe cliant. Ba cheart dóibh smaoineamh ar cheann amháin nó níos mó de na modhanna seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
- i. tástáil dearbhaithe cáilíochta;
 - ii. foláirimh agus fógraí ríthábhachtacha uathoibrithe;
 - iii. tuarascálacha rialta uathoibrithe cáilíoch;



- iv. tástáil shamplach;
 - v. athbhreithnithe láimhe.
21. Tá feidhm ag an gcuid seo freisin i gcás ina n-úsáidtear cianréitigh ionduchtaithe lán-uathoibrithe cliant, atá ag brath go mór ar algartaim uathoibrithe, gan aon nó gan mórán idirghabhála ón duine.
22. Ba cheart go mbeadh ar chumas institiúidí creidmheasa agus airgeadais a léiriú dá n-údarás inniúil cé na hathbhreithnithe a rinne siad agus na bearta leasúcháin a rinneadh chun aon easnamh a aithníodh le linn shaolré an chianréitigh ionduchtaithe cliant a cheartú.

4.2 Faisnéis a fháil

4.2.1 An cliant a shainaitheint

23. I dteannta na bpointí a leagtar amach i mír 9, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais an fhaisnéis is gá chun an cliant a shainaitheint, na cineálacha doiciméad, sonraí, nó faisnéise a úsáidfidh an institiúid chun aitheantas an chliant a fhíorú agus an tslí a fhíorófar an fhaisnéis sin a leagan amach ina mbeartais agus a nósanna imeachta.
24. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chinntiú:
- a) go bhfuil an fhaisnéis a fhaightear tríd an gcianréiteach ionduchtaithe cliant cothrom le dáta agus leordhóthanach chun na caighdeáin dlí agus rialála is infheidhme maidir le díchill chúí tosaigh cliant a chomhlíonadh;
 - b) go ngabhtar aon íomhánna, físeáin, fuaim agus sonraí i bhformáid inléite agus ar cháilíocht leordhóthanach ionas go mbeidh an cliant inaitheanta gan débhrí;
 - c) nach leanann an próiseas sainaitheanta ar aghaidh má aimsítear easnaimh theicniúla nó briseadh nasc gan choinne.
25. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais a mheas go bhfuil na critéir i mír 24 le comhlíonadh i gcás ina n-úsáideann an réiteach ceann díobh seo a leanas:
- a) scéimeanna ríomh-shainaitheantais a fhógraítear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus a chomhlíonann ceanglais na leibhéal dearbhaithe 'substaintiúil' nó 'ard' i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán sin;
 - b) seirbhísí iontaoibhe cáilithe ábhartha a chomhlíonann ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, go háirithe Caibidil III, Roinn 3 agus Airteagal 24(1), fómhír 2, pointe (b) den Rialachán sin.



26. Ba cheart na doiciméid agus an fhaisnéis a bhailítear le linn an phróisis chianaitheantais, a cheanglaítear a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 40(1) pointe (a) de Threoir (AE) 2015/849, a stampáil leis an am agus a stóráil go slán ag an institiúid creidmheasa agus airgeadais. Ba cheart go mbeadh ábhar na dtaifead stóráilte, lena n-áirítear íomhánna, físeáin, fuaim agus sonraí ar fáil i bhformáid inléite agus go gceadódh sé fíoruithe ex-post.

4.2.2 Daoine nádúrtha a shainaitint

27. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chinneadh ina mbeartais, mar atá leagtha amach i Roinn 4.1.1 mír 9, an fhaisnéis is gá dóibh a fháil chun cliant a shainaitint go cianda i gcomhréir le hAirteagal 13(1)(a) agus (c) de Threoir (AE) 2015/849. Ina theannta sin, ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais an fhaisnéis seo a leanas a shainiú:
- a) an fhaisnéis a chuireann an cliant isteach de láimh;
 - b) an fhaisnéis a ghabhtar go huathoibríoch ó na doiciméid a sholáthraíonn an cliant;
 - c) an fhaisnéis a bhailítear trí úsáid a bhaint as foinsí inmheánacha nó seachtracha eile.
28. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais sásraí iomchuí a chur chun feidhme agus a chothabháil chun a chinntiú go mbeidh an fhaisnéis a ghabhann siad go huathoibríoch i gcomhréir le mír 27 iontaofa. Ba cheart dóibh rialuithe a chur chun feidhme chun díriú ar rioscaí gaolmhara, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le gabháil uathoibríoch sonraí, amhail suíomh ceilte seoltaí Prótacail Idirlín (IP) ghléas an chliant nó seirbhísí amhail Líonraí Príobháideacha Fíorúla (VPNanna).

4.2.3 Eintitis Dhlíthiúla a Aithint

29. I gcás ina n-ionductaíonn institiúidí creidmheasa agus airgeadais cliant ar eintitis dhlíthiúla iad, go cianda, ba cheart dóibh a shainiú ina mbeartais agus ina nósanna imeachta, mar atá leagtha amach i Roinn 4.1.1 mír 9, cén chatagóir d’eintitis dhlíthiúla a ionductfaidh siad go cianda, agus leibhéal an riosca ML/TF a bhaineann le gach catagóir, agus an leibhéal idirghabhála daonna is gá chun an fhaisnéis aitheantais a bhailíochtú, á chur san áireamh.
30. Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chinntiú go bhfuil gnéithe sa chianréiteach ionductaithe cliant trína mbaileofar:
- a) na sonraí agus na doiciméid ábhartha go léir chun an duine dlítheanach a shainaitint agus a fhíorú
 - b) na sonraí agus na doiciméid ábhartha go léir chun a fhíorú go bhfuil an duine nádúrtha atá ag gníomhú thar ceann an duine dhlítheanaigh i dteideal gníomhú amhlaidh;



- c) an fhaisnéis maidir leis na húinéirí tairbhiúla i gcomhréir le foráil 4.12 de Threoirlínte ÚBE um Fhachtóirí Riosca⁶.

31. I gcás an duine nádúrtha a ghníomhaíonn thar ceann duine dlítheanach, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais an próiseas sainaitheantais a ndéantar cur síos air in Alt 4.2.2.

4.2.4 Nádúr agus cuspóir an chaidrimh ghnó

32. Nuair a dhéanann institiúidí creidmheasa agus airgeadais measúnú agus, de réir mar is cuí, faisnéis a fháil maidir le cuspóir agus nádúr beartaithe an chaidrimh ghnó i gcomhréir le hAirteagal 13(1) pointe (c) de Threoir (AE) 2015/849, mar atá sonraithe tuilleadh i Roinn 4.38. de Threoirlínte ÚBE um Fhachtóirí Riosca, ba cheart dóibh, chun críocha na dtreoirlínte seo, na gníomhaíochtaí ábhartha a bheith curtha i gcrích acu roimh dheireadh an chianphróisis ionduchtaithe cliant.

4.3 Barántúlacht & sláine doiciméad

33. I gcás ina nglacann institiúidí creidmheasa agus airgeadais le hatáirgeadh de bhundoiciméad agus nach scrúdaíonn siad an bundoiciméad, ba cheart dóibh bearta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil an atáirgeadh iontaofa. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais na nithe seo a leanas ar a laghad a fháil amach:

- a) má áirítear leis an atáirgeadh gnéithe slándála atá leabaithe sa bhundoiciméad agus má tá sonraíochtaí an bhundoiciméid atá á atáirgeadh bailí agus inghlactha, go háirithe cineál, méid na gcarachtar agus struchtúr an doiciméid, trí iad a chur i gcomparáid le bunachair shonraí oifigiúla, ar nós PRADO⁷;
- b) cibé ar athraíodh sonraí pearsanta nó ar cuireadh isteach orthu ar shlí eile nó, i gcás inarb infheidhme, cibé ar athsholáthraíodh an pictiúr den chliant a bhí leabaithe sa doiciméad;
- c) cibé an leor sláine an algartaim a úsáideadh chun uimhir aitheantais uathúil an bhundoiciméid a ghiniúint, i gcás inar eisíodh an doiciméad oifigiúil le crios meaisín-inléite (MRZ);
- d) cibé an leor cáilíocht agus sainiú an atáirgthe a sholáthraítear le cinntiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha gan débhrí;
- e) nár taispeánadh an atáirgeadh a soláthraíodh ar scáileán bunaithe ar ghrianghraf nó scanadh den bhundoiciméad aitheantais.

34. I gcás ina n-úsáideann institiúidí creidmheasa agus airgeadais gnéithe chun faisnéis ó dhoiciméid a léamh go huathoibríoch, amhail algartaim um Aithint Optúil Carachtair (OCR) nó

⁶ ÚBE/GL/2021/02

⁷ <https://www.consilium.europa.eu/prado/en/prado-start-page.html>



fíoruithe Crios Inléite ag Meaisín (MRZ), ba cheart dóibh na bearta is gá a dhéanamh chun a chinntú go ngabhfaidh na huirlisí sin faisnéis ar bhealach cruinn agus comhsheasmhach.

35. I gcásanna ina gceadaíonn an ghléas a úsáideann na cliant chun a n-aitheantas a chruthú bailiú sonraí ábhartha, mar shampla toisc go bhfuil na sonraí i slis cárta aitheantais náisiúnta, agus go bhfuil sé indéanta go teicniúil do na hinstiúidí creidmheasa agus airgeadais rochtain a fháil ar na sonraí sin, ba cheart d’instiúidí creidmheasa agus airgeadais smaoineamh ar an bhfaisnéis seo a úsáid chun a comhsheasmhacht leis an bhfaisnéis a fhaightear trí fhoinsí eile a fhíorú, amhail na sonraí arna gcur isteach nó doiciméid eile arna gcur isteach ag an gcliant.
36. I gcás ina bhfuil siad ar fáil, le linn an phróisis fíorúcháin, ba cheart d’instiúidí creidmheasa agus airgeadais na gnéithe slándála atá leabaithe sa doiciméad oifigiúil, más ann dóibh, amhail holagramanna, a fhíorú mar chruthúnas ar a mbarántúlacht.
37. Ba cheart d’instiúidí creidmheasa agus airgeadais a leagan amach ina mbeartais agus a nósanna imeachta conas a dhéanfaidh siad a n-iarrataí ar dhoiciméadú a choigeartú chun críocha an chuimsithe airgeadais. I gcás ina nglactar le foirmeacha doiciméadaithe atá níos laige nó foirmeacha neamhthraidisiúnta mar thoradh air sin, ba cheart d’instiúidí creidmheasa agus airgeadais, i dteannta na mbearta a leagtar amach i mír 4.10 de Threoirlínte ÚBE um Fhachtóirí Riosca, rialuithe nó idirghabháil mhéadaithe dhaonna a dhéanamh chun iad féin a shásamh go dtuigeann siad an riosca ML/TF a bhaineann leis an gcaidreamh gnó.

4.4 Aitheantas cliant a mheaitseáil mar chuid den phróiseas fíorúcháin

38. Ba cheart go gceadódh cianréitigh ionduchtaithe cliant arna gcur chun feidhme ag instiúidí creidmheasa agus airgeadais, ar a laghad, na nithe seo a leanas, mar chuid dá bpróiseas fíorúcháin:
 - a) go bhfuil meaits ann idir faisnéis infheicthe an duine nádúrtha agus an doiciméadú a cuireadh ar fáil;
 - b) i gcás inar eintiteas dlíthiúil an cliant, go bhfuil sé cláraithe go poiblí, i gcás inarb infheidhme;
 - c) i gcás inar eintiteas dlíthiúil an cliant, go bhfuil an duine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht air i dteideal gníomhú ar a shon.
39. I gcás ina mbaineann an cianréiteach ionduchtaithe cliant le húsáid sonraí bithmhéadracha chun aitheantas an chliant a fhíorú, ba cheart d’instiúidí creidmheasa agus airgeadais a chinntiú go bhfuil na sonraí bithmhéadracha uathúil a ndóthain le go mbeidís nasctha go doshéanta le duine nádúrtha aonair. Ba cheart d’instiúidí creidmheasa agus airgeadais algartaim láidre iontaofa a úsáid chun an meaits idir na sonraí bithmhéadracha a cuireadh ar



fáil ar an doiciméad aitheantais a cuireadh isteach agus an cliant atá á ionduchtú a fhíorú. I gcásanna nach soláthraíonn an réiteach an leibhéal muiníne is gá, ba cheart rialuithe breise a chur chun feidhme.

40. I gcásanna nach bhfuil an fhianaise a sholáthraítear ar cháilíocht leordhóthanach as a leanann débhrí nó éiginnteacht ionas go gcuirtear isteach ar fheidhmiú ciansheiceálacha, ba cheart briseadh isteach ar an gciánphróiseas ionduchtaithe aonair cliant agus é a atosú nó a atreorú chuig fíorú duine le duine.
41. I gcás ina n-úsáideann institiúidí creidmheasa agus airgeadais cianréitigh ionduchtaithe gan duine ina bhfeighil, nuair nach n-idirghníomhaíonn an cliant le fostaí chun an próiseas fíorúcháin a chur i gcrích, ba cheart dóibh:
- a) a chinntiú go dtógtar aon ghrianghraf/grianghraif nó físeán faoi choinníollacha soilsihte imleor agus go ngabhtar na hairíonna riachtanacha leis an tsoiléireacht is gá chun aitheantas an chliant a fhíorú i gceart;
 - b) a chinntiú go dtógtar aon ghrianghraf/grianghraif nó físeán fad a bhíonn an próiseas fíorúcháin á chur i gcrích ag an gcliant;
 - c) fíoruithe braite beochta a dhéanamh, lena bhféadfar nósanna imeachta a áireamh i gcás inar gá gníomh sonrath ón gcliant chun a fhíorú go bhfuil sé/sí i láthair sa seisiún cumarsáide nó ar féidir iad a bhunú ar anailís ar na sonraí a fuarthas agus nach gá don chliant gníomh sonrath a dhéanamh ina leith;
 - d) algartaim láidre iontaofa a úsáid chun a fhíorú an dtagann an grianghraf nó na grianghraif nó an físeán a tógadh leis an bpictiúr a fuarthas ón doiciméad oifigiúil nó na doiciméid oifigiúla ar leis an gcliant é/iad.
42. I gcás ina n-úsáideann institiúidí creidmheasa agus airgeadais cianréitigh ionduchtaithe cliant a bhfuil duine i bhfeighil orthu, ina n-idirghníomhaíonn an cliant le fostaí chun an próiseas fíorúcháin a cur i gcrích, ba cheart dóibh:
- a) a chinntiú gur leor cáilíocht na híomhá agus na fuaime chun aitheantas an chliant a fhíorú i gceart agus go n-úsáidtear córais teicneolaíochta iontaofa;
 - b) foráil a dhéanamh do rannpháirtíocht fostaí a bhfuil dóthain eolais aige ar an rialachán AML/CFT is infheidhme agus ar ghnéithe slándála an chianfhíoraithe agus atá oilte a dhóthain chun úsáid d'aon ghnó teicnícíochtaí meabhlairachta a bhaineann le cianfhíorú a réamh-mheas agus a chosc, agus chun iad a bhrath agus frithghníomhú i gcás ina n-úsáidtear iad;
 - c) treoir agallaimh a chur i dtoll a chéile ina saineofar na céimeanna ina dhiaidh sin den chianphróiseas ionduchtaithe chomh maith leis na gníomhartha a theastaíonn ón bhfostaí. Ba cheart go mbeadh treoir sa treoir agallaimh maidir le tosca síceolaíochta



nó gnéithe eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcomharthaí d'iompraíocht amhrasach a thabhairt faoi deara agus a shainaitint le linn an chianfíorúcháin.

43. I gcás inar féidir, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais cianréitigh ionduchtaithe cliant a úsáid lena n-áirítear randamacht i seicheamh na ngníomhaíochtaí atá le déanamh ag an gcliant chun críocha fíoraithe chun cosaint a thabhairt i gcoinne rioscaí amhail úsáid a bhaint as féiniúlachtaí sintéiseacha nó comhéigean. I gcás inar féidir, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais sanntaí randamacha a sholáthar don fhostaí atá freagrach as an gcianphróiseas fíorúcháin chun claonpháirteachas idir an cliant agus an fostaí atá freagrach a sheachaint.
44. I dteannta leis an méid thuas, agus i gcás inarb ionann é agus an riosca ML/TF a bhaineann leis an gcaidreamh gnó, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na rialuithe seo a leanas nó as beart comhchosúil chun iontaofacht an phróisis fhoraithe a mhéadú. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna rialuithe nó sna bearta sin, ach níl siad teoranta dóibh:
- a) tarraingítear an chéad íocaíocht ar chuntas in ainm aonair nó in ainm chomhpháirteach an chliant le hinstitiúid creidmheasa nó airgeadais arna rialáil ag an LEE nó i dtríú tír a bhfuil ceanglais AML/CFT aici nach bhfuil ar chéim stóinseachta níos ísle ná na cinn a cheanglaítear le Treoir (AE) 2015/849;
 - b) paschód a ghintear go randamach a sheoladh chuig an gcliant chun a láithreacht le linn an chianphróisis fíorúcháin a dheimhniú. Ba cheart gur cód aonúsáide nó cód amteoranta é an paschód.
 - c) sonraí bithmhéadracha a ghabháil chun iad a chur i gcomparáid le sonraí a bhailítear trí fhoinsí neamhspleácha iontaofa eile;
 - d) teagmhálacha teileafóin leis an gcliant;
 - e) post díreach (idir phost agus phost leictreonach) chuig an gcliant.
45. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais a mheas go bhfuil na critéir i míreanna 38 go 43 le comhlíonadh i gcás ina n-úsáideann an réiteach ceann díobh seo a leanas:
- a) scéimeanna ríomh-shainaitheantais a fhógraítear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus a chomhlíonann ceanglais na leibhéal dearbhaithe 'substaintiúil' nó 'ard' i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán sin;
 - b) seirbhísí iontaoibhe cáilithe ábhartha a chomhlíonann ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, go háirithe Caibidil III, Roinn 3 agus Airteagal 24(1), fómhír 2, pointe (b) den Rialachán sin.



4.5 Ag brath ar thríú páirtithe agus ar sheachfhoinsiú

46. I dteannta na bpointí a leagtar amach i mír 9, ba cheart go n-áireodh institiúidí creidmheasa agus airgeadais sonraíochtaí ina mbeartais agus ina nósanna imeachta ina leagtar amach cad iad na cianfheidhmeanna agus na cianghníomhaíochtaí ionduchtaithe cliant a dhéanfaidh an institiúid creidmheasa agus airgeadais, tríú páirtithe nó soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe eile.

4.5.1 Ag brath ar Sholáthraithe Tríú Páirtí i gcomhréir le Caibidil II, Alt 4 de Threoir (AE) 2015/849

47. I dteannta Threoirlínte an ÚBE um Fhachtóirí Riosca⁸, go háirithe treoirlínte 2.20 go 2.21 agus 4.32 go 4.37 de na Treoirlínte sin, ba cheart dóibh na critéir seo a leanas a chur chun feidhme:

- a) na bearta is gá a dhéanamh chun a bheith sásta gur leor CDD agus cianphróisis agus cian-nósanna imeachta ionduchtaithe cliant an tríú pháirtí féin agus gur leor an fhaisnéis agus na sonraí a bhailíonn siad sa chomhthéacs sin agus go bhfuil siad comhsheasmhach leis na ceanglais atá leagtha síos sna Treoirlínte seo;
- b) leanúnachas an chaidrimh ghnó a bhunaítear idir an cliant agus an institiúid creidmheasa agus airgeadais a chinntiú chun cosaint a thabhairt in aghaidh imeachtaí a d'fhéadfadh easnaimh a nochtadh i gcianphróiseas ionduchtaithe cliant a dhéanann an tríú páirtí.

4.5.2 CDD a sheachfhoinsiú

48. I gcás ina ndéanann institiúidí creidmheasa agus airgeadais an cianphróiseas ionduchtaithe cliant ar fad nó cuid de a sheachfhoinsiú chuig soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe, dá dtagraítear in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2015/849, ba cheart go gcuirfeadh institiúidí creidmheasa agus airgeadais, de bhreis ar threoirlínte 2.20 go 2.21 agus 4.32 go 4.37 de Threoirlínte ÚBE um Fhachtóirí Riosca agus i dteannta Threoirlínte ÚBE maidir le Seachfhoinsiú⁹ i gcás inarb infheidhme, roimh agus le linn an chaidrimh ghnó leis an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe, na bearta seo a leanas chun feidhme, ar cheart a mhéid a choigeartú ar bhonn riosca-íogair:

- a) a chinntiú go gcuireann an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe cianbheartais agus cian-nósanna imeachta ionduchtaithe cliant na h-institiúide creidmheasa agus airgeadais chun feidhme go héifeachtach agus go gcomhlíonann sé iad de réir an chomhaontaithe seachfhoinsithe. Ba cheart é seo a bhaint amach trí thuairiscíu rialta, monatóireacht leanúnach, cuairteanna ar an láthair nó tástáil shamplach;
- b) measúnuithe a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil dóthain trealaimh ag an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe agus go bhfuil sé in ann an cianphróiseas ionduchtaithe

⁸ ÚBE/GL/2021/02

⁹Treoirlínte ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe.docx (europa.eu)



cliant a chur i gcrích. Féadfaidh measúnú ar oiliúint foirne, oiriúnacht teicneolaíochta agus rialachas sonraí ag an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe a bheith ar áireamh sna measúnuithe, ach gan a bheith teoranta dóibh sin;

- c) a chinntiú go gcuirfidh an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe na hinstiúidí creidmheasa agus airgeadais ar an eolas faoi aon athruithe atá beartaithe ar an gchianphróiseas ionduchtaithe cliant nó faoi aon mhodhnú a dhéanfar ar an réiteach a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe.

49. I gcás ina stóráilann an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe sonraí cliant, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, grianghrafadóireacht, físeáin agus doiciméid, le linn an chianphróisis ionduchtaithe, ba cheart d'instiúidí creidmheasa agus airgeadais a chinntiú:

- a) nach mbailítear agus nach stóráiltear ach sonraí riachtanacha cliant i gcomhréir le tréimhse choinneála atá sainithe go soiléir;
- b) go bhfuil rochtain ar na sonraí teoranta go docht agus cláraithe;
- c) go gcuirtear bearta slándála iomchuí chun feidhme chun a chinntiú go gcosnaítear na sonraí stóráilte.

4.6 TFC agus bainistíocht riosca slándála

50. Ba cheart d'instiúidí creidmheasa agus airgeadais a rioscaí TFC agus slándála a bhaineann le húsáid an chianphróisis ionduchtaithe cliant a shainaithint agus a bhainistiú, lena n-áirítear i gcás ina mbíonn instiúidí creidmheasa agus airgeadais ag brath ar thríú páirtithe nó i gcás ina ndéantar an tseirbhís a sheachfhoinsiú, lena n-áirítear do ghúp-eintitis.

51. I dteannta na gceanglas atá leagtha amach i dTreoirlínte ÚBE maidir le TFC agus bainistíocht riosca slándála a chomhlíonadh¹⁰ nuair is infheidhme, ba cheart d'instiúidí creidmheasa agus airgeadais bealaí slána cumarsáide a úsáid chun idirghníomhú leis an gcliant le linn an chianphróisis ionduchtaithe cliant. Ba cheart go n-úsáidfaí sa chianréiteach ionduchtaithe cliant prótacail shlána agus algartaim chripteagrafacha i gcomhréir le dea-chleachtais an tionscail chun rúndacht, barántúlacht agus sláine na sonraí a mhalartaítear a chosaint, i gcás inarb infheidhme.

52. Ba cheart go soláthródh instiúidí creidmheasa agus airgeadais pointe rochtana slán chun tús a chur leis an gchianphróiseas ionduchtaithe cliant bunaithe ar dheimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí dá dtagraítear in Airteagal 3(30) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó maidir le fíordheimhniú suíomh Gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 3(39) den Rialachán sin. Ba cheart an cliant a chur ar an eolas freisin faoi na bearta slándála is infheidhme ar cheart a ghlacadh chun úsáid shlán an chórais a chinntiú.

¹⁰ ÚBE/GL/2019/04



53. I gcás ina n-úsáidtear gléas ilchuspóireach chun an cianphróiseas ionduchtaithe cliant a dhéanamh, ba cheart timpeallacht shlán a úsáid chun an cód bogearraí a chur i gcrích ar thaobh an chliant, i gcás inarb infheidhme. Ba cheart bearta slándála breise a chur chun feidhme chun slándáil agus spleáchas an chóid bhogearraí agus na sonraí a bhailítear a chinntiú, de réir an mheasúnaithe riosca slándála mar atá leagtha síos i dTreoirlínite ÚBE maidir le TFC agus bainistíocht riosca slándála.

4.7 Comhlíonadh na dtreoirlínite seo i gcás ina n-úsáideann institiúidí creidmheasa agus airgeadais seirbhísí iontaoibhe agus próisis náisiúnta aitheantais dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a) de Threoir (AE) 2015/849

54. Féadfaidh institiúidí creidmheasa agus airgeadais úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe ábhartha agus próisis ríomh-shainaitheantais arna rialáil, aitheanta, formheasta, nó glactha ag na húdaráis náisiúnta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 13(1) pointe (a) de Threoir (AE) 2015/849 chun cloí leis. na dtreoirlínite seo. Agus réitigh den sórt sin á n-úsáid, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann an réiteach forálacha na dtreoirlínite seo agus na bearta is gá a chur chun feidhme chun aon rioscaí ábhartha a eascraíonn as úsáid na réiteach sin a mhaolú. Ba cheart dóibh a chur san áireamh go háirithe cibé an ndírítear ar na rioscaí seo a leanas:
- na rioscaí a bhaineann leis an bhfiordheimhniú agus bearta sonracha maidir le maolú a leagan amach ina gcuid beartas agus nósanna imeachta go háirithe maidir le rioscaí calaoise pearsanaithe;
 - an riosca nach ionann aitheantas an chliant agus an t-aitheantas maíte;
 - an riosca go gcaillfear, go ngoidfear, go gcuirfear ar fionraí, go gcúlghairfear nó go rachadh fianaise aitheantais in éag, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, uirlisí chun calaois aitheantais a bhrath agus a chosc.